Heritage Keepers
EXPLORE AND ENHANCE YOUR PLACE

# Rún na hAbhann

Inár suí ar bhruach na habhann ar thuras scoile a bhí muid nuair a chonaic mé lasair bhuí as eireaball mo shúile. “Céard a bhí ansin?” a d’fhiafraigh mé.

Shínigh ár múinteoir a méar i dtreo éan beag a bhí ag preabadh ó chos go cos ar chloch. “Ceapaim gur Glasóg Liath atá ann, nach bhfuil sé go hálainn ar fad,” a dúirt siad. “Cé gur Glasóg Liath an t-ainm atá air feicfidh tú, má bhreathnaíonn tú go grinn, go bhfuil sé thar a bheith ildaite.”

Nuair a d’fhill muid ar an scoil bhreathnaigh muid ar phictiúir den Ghlasóg Liath agus thosaigh muid ag foghlaim faoin abhainn agus faoin bhfiadhúlra a bhíonn ag brath ar an abhainn. Tharraing muid póstaeir ag iarraidh ar dhaoine an abhainn a choinneáil glan. D’oibrigh muid le grúpa áitiúil chun crainn a chur le roinnt de na bearnaí sna claíocha a líonadh isteach agus bhailigh muid bruscar. Bhí ionadh orainn go léir faoin méid fiadhúlra shuimiúil a bhí ann nuair a thosaigh muid á thabhairt faoi deara.

Ag deireadh na bliana bhí ‘Lá na hAbhann’ sa scoil agus d’eagraigh muid cluichí, gníomhaíochtaí agus siúlóid dúlra. Bhí bród orm gur éirigh linn an Ghlasóg Liath agus a gnáthóg a chosaint agus bhí bród orm chomh maith as an méid a bhain muid amach le chéile.